# Cairt chun na Dínite san Ionad Oibre

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí agus an Scoil/Lárionad/Oifig seo tiomanta do bhearta a chur i bhfeidhm agus a chur chun cinn chun dínit na foirne a chosaint agus chun meas ar dhaoine eile ag an obair a spreagadh. Baintear é seo amach trí thimpeallacht oibre a chruthú atá saor ó chiapadh, ciapadh gnéasach, bulaíocht, ciníochas agus iompar dímheasúil, trí dhéileáil go héifeachtach le haon ghearáin faoi iompar den sórt sin, agus trí fháilte a chur roimh éagsúlacht agus comhionannas fostaíochta a chur chun cinn chomh maith.

Tá na prionsabail seo a leanas mar bhonn taca leis an gCairt chun na Dínite san Ionad Oibre;

- Bítear ag súil go mbeidh meas ag gach duine a oibríonn sa Scoil/Lárionad/Oifig seo ar cheart gach duine chun dínite ina saol oibre
- Caithfear le gach duine agus tabharfar meas dóibh as a n-indibhidiúlacht agus a n-éagsúlacht
- Níl bulaíocht nó ciapadh i bhfoirm ar bith inghlactha agus ní ghlacfar leis san ionad oibre seo
- Tá sé de dhualgas ar gach duine, bíodh siad fostaithe nó ar conradh anseo, seasamh agus cloí leis an gcairt chun na dínite san ionad oibre
- Beidh ár mbeartais agus ár nósanna imeachta san ionad oibre mar bhonn agus mar thaca ag prionsabail agus cuspóirí na cairte seo, a ndéanfar athbhreithniú rialta uirthi

Baineann an Chairt seo le gach ball foirne sa Scoil/Lárionad/Oifig seo, a bhfuil dualgas orthu a bheith ar an eolas faoin tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag a n-iompar féin ar dhaoine eile. Baineann sé freisin le himeachtaí a bhaineann leis an obair, cuir i gcás imeachtaí inseirbhíse, comhdhálacha agus imeachtaí sóisialta. Baineann sé freisin le gach soláthraí seirbhíse, conraitheoir agus soláthróir de chuid na Scoile/an Lárionaid/na hOifige seo.

Déan aon sáruithe ar an gCairt um Dhínit san Ionad Oibre a thuairisciú d'Údaráis Bhainistíochta na Scoile/an Lárionaid/na hOifige seo nó do Roinn Acmhainní Daonna Bhord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí.

**Arna ghlacadh ag Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí ar an 23 Márta 2017**